National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Oideachas Dlíthiúil Cliniciúil

Tá raon modúl foghlaim seirbhíse ar fáil in OÉ Gaillimh trínar féidir le mic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht chreidiúnaithe a bhaineann leis an ábhar staidéir atá roghnaithe acu, mar aon le gníomhaíocht a théann chun tairbhe an phobail.

Comhthéacs Teagaisc

Ábhar	Céim Bhaitsiléara i nDlí Sibhialta
Rionn	Dámh an Dlí
Rannpháirtithe	Mic Léinn sa Bhliain Deiridh de Chéim Bhaitsiléara i nDlí Sibhialta
Oideolaíocht	Foghlaim Pobalbhunaithe
Modh	Socrúcháin oibre ina bhfaigheann mic léinn deis na scileanna anailíseacha, taighde agus scríbhneoireachta a d'fhorbair siad sa seomra ranga a úsáid sa "saol dáiríre".
Rannpháirtithe	15 – 20 mac léinn
Uaireanta	100+ uair ag obair i measc an phobail agus 10 uair de sheimineáir
Creidiúintí	6 ECTS
Bunábhair	Soláthraíonn gach ionad socrúcháin na bunábhair agus braitheann na bunábhair a bhíonn i gceist ar an gcineál socrúcháin a bhíonn i gceist. Tagann a lán de na cáipéisí seo faoi rúibric phribhléid dlíodóra-cliaint.
Measúnacht	Aiste mhachnamhach a scríobh; Páirt a ghlacadh i seimineáir idirghníomhacha; Foirm shásúil meastóireachta ón stiúrthóir socrúcháin.
Fad	10 seachtaine
Comhpháirtithe Pobail	An tÚdarás Comhionannais (Comhairleoir Dlí); Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú (Comhairleoir Dlí); Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha; eagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta; Cleachtóirí Dlí ar fud na hÉireann.
Roghnach/ Éigeantach	Roghnach
Bliain Tosaithe an Mhodúil	2007/2008

Réamhrá

Institiúid cheannródaíoch í OÉ Gaillimh maidir le cláir foghlaim seirbhíse a chur i bhfeidhm i ndámha uile na hOllscoile. Is é atá mar aidhm le foghlaim seirbhíse misean obair phoiblí an ardoideachais a thabhairt chun beochta agus an tábhacht a bhaineann le freagracht shóisialta agus feasacht phoiblí a thabhairt ar aire do mhic léinn. Uirlis oideolaíoch atá ann a thugann spreagadh do mhic léinn foghlaim agus iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an tsochaí – laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Foghlaimíonn mic léinn trí rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal.

Oideachas Dlíthiúil Cliniciúil

Tá gealltanas tugtha ag Dámh an Dlí Foghlaim Seirbhíse a áireamh mar chuid den Oideachas Dlíthiúil Cliniciúil mar iarracht nasc a chruthú idir mic léinn agus an pobal agus cur leis an tuiscint atá ag mic léinn ar an réimse atá á staidéar acu. Trí leas a bhaint as cur chuige nuálach i leith oiliúint dlí, tá sé mar aidhm ag an Dámh cur leis an oiliúint theoiriciúil a fhaigheann mic léinn sa seomra ranga trí thaithí phraiticiúil, theagmhálach a thabhairt do na mic léinn i socrúcháin sa "saol dáiríre" – socrúchán a thuilleann creidiúint acadúil freisin.

Tugann an clár seo deis do Mhic Léinn sa Bhliain Deiridh de Chéim Bhaitsiléara i nDlí Sibhialta obair pro bono a dhéanamh i gcomhlachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus le dlíodóirí chun taithí a fháil.

Bonn Acadúil

Beidh na socrúcháin pháirtaimseartha, deich seachtaine seo ar siúl sa dara seimeastar den bhliain deiridh. Bunaithe ar ardchlár, áiríonn an socrúchán seisiún tionscnaimh, taithí oibre, aiste mhachnamhach agus seimineár deiridh, ar a bhfreastalaíonn go leor de chomhaltaí Dhámh an Dlí.

Measúnacht

Tá na measúnachtaí bunaithe ar aistí machnamhacha na mac léinn, na foirmeacha meastóireachta a chomhlánaigh na stiúrthóirí agus rannpháirtíocht i seimineáir idirghníomhacha.

Tairbhe do Mhic Léinn

Deis é an modúl foghlaim seirbhíse do mhic léinn taithí phraiticiúil a fháil, taithí atá ríthábhachtach i ndáil le forbairt phearsanta agus ghairmiúil. Lena chois sin, faigheann mic léinn deis tuiscint níos fearr a fháil ar na deacrachtaí dáiríre a mbíonn ar ghrúpaí agus ar dhaoine aonair i sochaí na hÉireann dul i ngleic leo agus, sa saol gairmiúil atá amach rompu, beidh ar a gcumas tréaniarracht a dhéanamh athchóiriú dlí a chur chun cinn ar mhaithe leo siúd atá ar an imeall.

Ag trácht ar ghairmeacha beatha, is léir go mbíonn taithí luachmhar faighte ag mic léinn dlí faoin tráth a mbronntar céim orthu, rud a chuireann go mór lena CV agus tuiscint ar phoist. Foghlaimítear scileanna praiticiúla ríthábhachtacha i rith an chláir freisin – scileanna atá riachtanach do ghairm bheatha sa réimse dlí.

Tairbhe don Phobal

Is é an phríomhaidhm a bhaineann leis an gclár seo deis a thabhairt do mhic léinn taithí phraiticiúil a fháil agus, a mhéid is féidir, úsáid a bhaint as na sainscileanna atá acu le dul i bhfeidhm ar dhaoine imeallaithe i sochaí na hÉireann.
Bunaithe ar na teagmhálacha ar fad atá ag comhaltaí foirne OÉ Gaillimh le cleachtóirí dlí agus le hearnáil na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha, téann mic léinn sa bhliain deiridh de Chéim Bhaitsiléara i nDlí Sibhialta ag obair, inter alia, san Údarás Comhionannais, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha, Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú agus le cleachtóirí ar fud na tíre.
Baineann an-tairbhe le hobair na mac léinn i sochaí ina bhfuil costais dlí toirmeascach.

Dearcadh Acadúil

Is é Lawrence Donnelly ó Dhámh an Dlí in OÉ Gaillimh an chéad léachtóir buan le hOideachas Dlíthiúil Cliniciúil atá ceaptha in Éirinn. Is éard atá i gceist le hOideachas Dlíthiúil Cliniciúil a aithint go bhfuil srian leis an méid is féidir le mic léinn a fhoghlaim sa seomra ranga agus, dá réir sin, go bhfuil sé riachtanach oiliúint phraiticiúil a áireamh mar chuid den oideachas dlíthiúil. Trí rannpháirtíocht le mic léinn sa seomra ranga agus lasmuigh den seomra ranga, tá sé mar aidhm ag Lawrence Donnelly a chinntiú go bhforbraíonn mic léinn na scileanna riachtanacha anailíseacha, taighde agus scríbhneoireachta a theastaíonn uathu ionas go mbeidh ar a gcumas feidhmiú mar ghairmithe cumasacha dlí.
Tá cleachtais foghlaim seirbhíse san Oideachas Dlíthiúil Cliniciúil curtha i bhfeidhm cheana féin i Mór-Roinn na hEorpa, mar aon leis na Stáit Aontaithe, agus mheas an tUasal Donnelly go raibh sé ríthábhachtach a leithéid a chur i bhfeidhm anseo freisin. "Tá éagsúlacht oideolaíoch sa chineál seo foghlama – foghlaim trí ghníomhaíocht – i gcomparáid le seachadadh traidisiúnta oideachais dhlíthiúil in ollscoileanna sa tír seo agus tá OÉ Gaillimh lánsásta an fhoghlaim seirbhíse a bhrú chun cinn. Léargas é an t-aiseolas dearfach a fuarthas ó mhic léinn agus fostóirí araon ón gcéad bhliain den chlár ar thiomantas na hollscoile d'iarrachtaí Dhámh an Dlí agus táimid dóchasach go n-éireoidh go breá linn sna blianta beaga amach romhainn."